Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**9013/18**

**JEUN 59**
**EDUC 161**
**CULT 60**
**RELEX 420**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7834/18 JEUN 38 EDUC 122 CULT 38 RELEX 309 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le ról daoine óga i ndáil le sochaí shlán chomhtháite chomhchuí san Eoraip a fhorbairt |

Gheobhaidh toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le ról daoine óga i ndáil le sochaí shlán chomhtháite chomhchuí san Eoraip a fhorbairt, a ghlac an Chomhairle ag an 3617ú cruinniú dá cuid ar an 22 Bealtaine 2018.

## Conclúidí ón gComhairle maidir le ról daoine óga i ndáil le sochaí shlán chomhtháite chomhchuí san Eoraip a fhorbairt

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS**

AG MEABHRÚ DI:

1. An cúlra polaitiúil a bhaineann leis an tsaincheist seo mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo.

TUGANN SÍ DÁ hAIRE:

2. An clár oibre don óige, don tsíocháin agus don tslándáil, mar a leagtar amach i Rún 2250 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe é, lena n-aithnítear tábhacht agus rannchuidiú dearfach daoine óga sna hiarrachtaí chun an tsíocháin agus an tslándáil a chothabháil agus a chur cinn, agus dearbhaíonn sí an ról tábhachtach is féidir le daoine óga a ghlacadh maidir le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach.

3. Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (Clár Oibre 2030) a ghlac na Náisiúin Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2015 agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe SDGanna), arb éard atá ina gcroílár creat polaitiúil bunathraitheach chun an bhochtaineacht a dhíothú agus an fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Déantar na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta, agus comhshaoil a chur i gcothrom le chéile iontu, lena n-áirítear an dá chroí-chúis sin arb iad an rialachas agus sochaithe síochánta comhchuí cuimsitheacha iad, agus aithnítear iontu an t-idirnasc riachtanach sin atá ann idir na haidhmeanna agus na cuspóirí a bhaineann leo.

4. An Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh, lena mbeartaítear teacht aniar na sochaí a chothú tríd an obair ar chúrsaí oideachais, cultúir agus óige a threisiú chun go gcothófar an t-iolrachas, an chómhaireachtáil agus an meas.

5. An Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt, lena bhforáiltear do dhaoine óga mar ghníomhairí don fhorbairt agus don athrú, agus, ina fhianaise sin, gur rannpháirtithe bunriachtanacha le Clár Oibre 2030 iad, gona gcumas nuálaíochta, agus áitíonn sí go mbeidh sé d'aidhm ag an Aontas agus a chuid Ballstát cearta daoine óga a neartú agus iad a chumhachtú níos mó i ngnóthaí poiblí freisin, lena n-áirítear trína rannpháirtíocht a chothú sa gheilleagar áitiúil, sa tsochaí, agus sa chinnteoireacht go háirithe trí bhíthin eagraíochtaí don óige.

6. An Páipéar Bán ar thodhchaí na hEorpa[1], ina gcuirtear béim ar ról tábhachtach 'luachanna Eorpacha'.

7. An comhairliúchán réigiúnach Eorpach maidir leis 'an óige, an tsíocháin agus an tslándáil' a tionóladh sa Bhruiséil, ón 25-27 Meán Fómhair 2017, a d'eagraigh an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí i gcomhar le Ciste Daonra na Náisiún Aontaithe, Oifig Tacaíochta na Náisiún Aontaithe um Chothú Síochána agus príomh-gheallsealbhóirí ón tsochaí shibhialta.

AITHNÍONN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS:

8. Tá líon na ndaoine óga sa domhan ag méadú - tá 1.8 billiún de linbh agus daoine óga (idir 15-24 bliana d'aois) sa domhan inniu, agus beidh 72 mhilliún de dhaoine óga le cois an mhéid sin ann faoin mbliain [2025].

9. 88.9 milliún de dhaoine óga atá san Aontas Eorpach faoi láthair (2016).[2]

10. Áiríodh 'rannpháirtíocht' agus 'an óige agus an domhan' mar dhá réimse gníomhaíochta, *inter alia*, dár tugadh tosaíocht sa chreat athnuaite le haghaidh comhar Eorpach i réimse bheartas na hóige (2010-2018).

[1] 6952/17

11. An clár oibre don 'óige, don tsíocháin agus don tslándáil'[2], mar a leagtar amach i Rún 2250 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, atá ábhartha ar leibhéal domhanda agus Eorpach araon. Tá an Eoraip ar cheann de na críocha is sábháilte ar domhan. Mar sin féin, tá saincheisteanna struchtúracha ann, amhail athrú aeráide, tubaistí nádúrtha, an gháinneáil ar dhaoine, an teorainn le deiseanna fostaíochta agus an t-imeallú, saincheisteanna a bhfuil éifeacht acu ar dhaoine óga san Aontas Eorpach – mar aon leis an mbagairt mhéadaitheach ón radacú foréigneach – a thugann dúshlán an choincheapa gur ilchríoch shlán shíochánta í an Eoraip.

12. Ní mór an t-aitheantas atá dlite dóibh a thabhairt do dhaoine óga mar phríomhghníomhaithe maidir leis an daonlathas a fhorbairt, maidir leis an mbonn a chur faoin tsíocháin, maidir le comhtháthú sóisialta a fhorbairt agus luachanna Eorpacha a chur chun cinn. Tá sé tábhachtach caidreamh a fhorbairt le daoine óga agus le geallsealbhóirí i réimse na hóige mar chomhghuaillithe lárnacha chun an teacht aniar is gá a fhorbairt chun saincheisteanna den chineál sin a chomhrac, chun an tsíocháin a chothú agus an foréigean a chosc, agus chun saothrú i dtreo sochaí chuimsitheach shíochánta. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh obair óige ról tábhachtach a ghlacadh chun teacht i dtír ar an acmhainneacht atá ag daoine óga ról dearfach a ghlacadh maidir le sochaí shlán chomhtháite shíochánta a fhorbairt.

AG ÁITIÚ DÓIBH AN MÉID SEO A LEANAS:

13. Tá breis agus 600 milliún duine óg ina gcónaí i gcodanna leochaileacha den domhan atá buailte ag coinbhleacht sa lá atá inniu ann[3]. Tá siad siúd i measc an dream is mó atá thíos leis an iliomad cineálacha foréigin, plánna foréigin a mbíonn baint acu lena chéile go minic - ó mhionghníomhartha foréigin go dtí an choireacht eagraithe agus ionsaithe sceimhlitheoireachta a shíolraíonn ón antoisceachas foréigneach atá mar sciúirse a bpobal - agus is iad siúd na daoine a fhulaingíonn móriarmhairtí daonna sóisialta agus eacnamaíocha nach féidir a chloí ar feadh i bhfad. Ní mór tús áite a thabhairt, mar sin, do bheartas agus do chláir a leagan amach agus a chur chun feidhme a fheabhsóidh teacht aniar daoine óga agus a chuideoidh lena gcuimsiú sa tsochaí.

---

2 Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe, Straitéis UNDP i leith na hÓige, 2014-2017: *Empowered Youth, Sustainable Future* [Straitéis UNDP i leith na hÓige 2014-2017: Óige Chumhachtaithe, Todhchaí Inbhuanaithe] (Nua-Eabhrac, 2014)

3 Cairt Chomhairle na hEorpa um oideachas don tsaoránacht dhaonlathach agus don oideachas faoi chearta an duine.

14. Is iomaí sin tír Eorpach a buaileadh le déanaí le rátaí arda dífhostaíochta i measc daoine óga agus le saincheisteanna a bhaineann leis an eisiamh sóisialta. Dá thoradh sin, tá méadú ag teacht ar ghrúpaí de dhaoine óga atá ag dul i muinín léirithe diúltacha an phobalachais, na bolscaireachta, na fuathchainte agus na seineafóibe, anchumhachtaí óna n-eascraíonn an t-antoisceachas foréigneach go minic, fórsaí a chniogann ár bhféiniúlacht ilchultúrtha mar Eorpaigh. Tá sé fíorthábhachtach, mar sin, go dtabharfaí tacaíocht do dhaoine teacht i dtír ar dheiseanna nua amhail teicneolaíochtaí nua agus an digitiú, agus dúshláin nua amhail bréagnuacht agus domhandú a shárú.

15. Ní hamháin gur clár oibre don domhan mór é an Clár Oibre don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil ach tá raon feidhme Eorpach aige freisin. Is tuiscint iomlánaíoch a bhíonn ag daoine óga go ginearálta ar chothú na síochána agus i ngeall air sin bíonn ról fíorthábhachtach acu agus aghaidh á tabhairt ar na cineálacha éagsúla foréigin, idirdhealaithe agus éagóra a chuireann isteach orthu, lena n-áirítear an foréigean baile, an foréigean inscne, an bholscaireacht, gach cineál bulaíochta, an luathphósadh agus an pósadh éigeantais, an t-idirdhealú agus dímheas eitneach, agus féadfaidh siad dul i ngleic leis sin trí bhíthin ionstraimí éagsúla amhail idirphlé idirchultúrtha, tríd an tsoghluaisteacht, trí obair óige**,** trí obair dheonach agus tríd an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus fhoirmiúil araon.

16. Is nuálaithe luachmhara agus gníomhairí don athrú iad na daoine óga, agus is ceart tacaíocht ghníomhach a thabhairt dá rannpháirtíocht, ba cheart an rannpháirtíocht sin a lorg agus ba cheart a aithint go bhfuil sí bunriachtanach chun sochaí shíochánta a fhorbairt agus chun tacú le rialachas daonlathach. De bhreis air sin, méadaítear an rannpháirtíocht shibhialta agus an tsaoránacht ghníomhach le rannpháirtíocht ó dhaoine óga. Ina theannta sin, bíonn ról lárnach i bhforbairt daoine óga ag an oideachas don tsaoránacht dhaonlathach**,** lena n-áirítear an tsaoránacht dhigiteach agus an t-oideachas faoi chearta an duine, lena n-áirítear oideachas faoin tsíocháin agus faoin smaointeoireacht chriticiúil. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh an comhar idir an tAontas Eorpach agus Comhairle na hEorpa cabhrú ar bhealach fónta.

CUIREANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS I bhFIOS GO LÁIDIR:

17. Tá soghluaisteacht na hóige fíorthábhachtach chun smaointe a mhalartú, nuálaíocht a scaipeadh, dul i ngleic le saincheisteanna dífhostaíochta agus sóisialta, caidreamh láidir a bhunú idir daoine, cabhrú le forbairt phearsanta, agus sealbhú scileanna boga agus idirdhisciplíneacha a spreagadh, chomh maith le hinniúlachtaí idirchultúrtha a chur chun cinn agus an réamhchlaonadh agus an t-idirdhealú a chomhrac. Ba cheart an tsoghluaisteacht a chur chun cinn, mar sin, chun go bhforbrófar sochaí chuimsitheach chomhtháite shlán do gach duine.

18. Tá ról suntasach ag an obair óige agus ag an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta chun aghaidh a thabhairt ar imeallú agus radacú daoine óga. Sa bhreis air sin, cuidíonn an obair óige le himeallú agus radacú daoine óga a chomhrac agus cuireann sí ar a gcumas dóibh tuiscint níos fearr a fháil ar chearta an duine agus ar luachanna daonlathacha ina steillbheatha.

19. Tá sé ríthábhachtach tuilleadh forbartha agus cur chun cinn a dhéanamh ar chomhar idir na geallsealbhóirí uile lena n-áirítear daoine óga, oibrithe don óige, ceannairí óige agus eagraíochtaí don óige ón Aontas Eorpach agus níos faide i gcéin, ós rud é go gcuireann an obair sin le muinín a chothú agus le caidreamh don todhchaí a mhúnlú san Eoraip agus lasmuigh di.

LEAGANN SÍ BÉIM AR NA RÉIMSÍ GNÍOMHAÍOCHTA SEO A LEANAS:

## A. Comhar trasearnála ar bhonn modhanna nuálaíocha cumarsáide, ar bhonn chomhroinnt an dea-chleachtais agus ar bhonn idirphlé éifeachtach

20. Cuimsítear leis an gclár oibre don óige, don tsíocháin agus don tslándáil gnéithe de bheartais inmheánacha agus sheachtracha an Aontais maidir le forbairt inbhuanaithe, síocháin agus slándáil agus cearta an duine a chur chun cinn. Ní mór do na geallsealbhóirí éagsúla iarrachtaí a dhéanamh i dteannta a chéile má táthar chun an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí agus comhleanúnachas a áirithiú idir freagairtí beartais do na dúshláin a bhaineann le beartais inmheánacha agus seachtracha an Aontais araon.

INA FHIANAISE SIN, IARRANN AN CHOMHAIRLE AR NA BALLSTÁIT, AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

21. An comhar trasearnála a chur chun cinn ar bhonn modhanna nuálaíocha cumarsáide, ar bhonn chomhroinnt an dea-chleachtais, agus ar bhonn idirphlé éifeachtach idir earnáil na hóige agus réimsí éagsúla beartais agus na húdaráis ábhartha chun go ndéanfaidh siad a marana maidir le daoine óga, eagraíochtaí óige agus eagraíochtaí a bhíonn ag obair ar son na hóige a chur san áireamh mar chomhpháirtithe luachmhara maidir le teacht aniar na sochaí agus an stáit a atreisiú agus sochaí chomhtháite a fhorbairt.

22. Leas a bhaint as an saineolas, an nuálaíocht a chur chun cinn, agus comhpháirtíochtaí ilgheallsealbhóra a threisiú idir institiúidí an Aontais, na Ballstáit, an tsochaí shibhialta, daoine óga agus geallsealbhóirí i réimse na hóige agus i réimsí eile nach iad trí ról níos mó a thabhairt do dhaoine óga i gcothú na síochána.

Idirphlé, comhar agus malartú dea-chleachtais idir na príomhgheallsealbhóirí a chur chun cinn a mhéid a bhaineann leis an gclár oibre don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil, trí chomhar domhanda Chlár Erasmus + a atreisiú, agus trí bhíthin sásraí eile lena ndéantar malartú ar an dea-chleachtas. Ba cheart go dtabharfadh an méid sin ról do dhaoine óga agus ba cheart go gcruthófaí nasc idir údaráis na cinnteoireachta, eagraíochtaí óige agus eagraíochtaí don óige a bhíonn ag obair chun an tsíocháin a chothú agus chun sochaí chomhtháite chomhchuí a fhorbairt.

## B. Ag saothrú chun sochaí chomhtháite chomhchuí a bhaint amach: an cur chuige fianaise-bhunaithe á fhorbairt

23. Tráth a bhfuil an Eoraip ag iarraidh dul i ngleic leis an bhfuathchaint agus gach cineál foréigin a laghdú, tá sé tábhachtach dioscúrsa síochánta a fhorbairt lena gcothaítear luachanna[4] coiteanna na hEorpa, eadhon meas ar dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus meas ar chearta an duine.

[4] Féach Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach

INA FHIANAISE SIN, IARRANN AN CHOMHAIRLE AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

24. An dea-chleachtas a chur chun cinn, a athbhreithniú agus a chur i bhfios i ndáil leis an ról a bhíonn ag daoine óga maidir leis an tsíocháin a chothú agus an foréigean a chosc mar fhoinse chun eolas a tháirgeadh agus mar uirlis luachmhar chun 'drochtheist' daoine óga a cheartú. Maidir le torthaí cáilíochtúla ar rannchuidiú daoine óga chun an tsíocháin agus an dlúthpháirtíocht a chothú agus samplaí fianaise-bhunaithe den rannchuidiú sin, ba cheart iad a mhapáil agus a bhailiú go córasach san Eoraip, lena n-áirítear sa Wiki don Óige, i gcomhar leis na Ballstáit,

## C. <u>Rannpháirtíocht ghníomhach fhónta ón óige a áirithiú maidir le sochaí shíochánta chuimsitheach a fhorbairt</u>

25. Maidir le rannpháirtíocht ghníomhach chomhionann (le tacaíocht fothú acmhainní) daoine óga ar gach leibhéal den saol sibhialta agus polaitiúil, go háirithe iad siúd nach bhfuil mórán deiseanna acu, is bunchoinníoll é sin chun sochaí shíochánta chomhtháite chomhionann a fhorbairt. Tá sé tábhachtach freisin go ndéanfar an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta is cúis le himeallú daoine óga a dhíothú.

26. Tá méadú ag teacht ar an aitheantas a thugtar do dhaoine óga mar ghníomhairí don athrú a mhéid a bhaineann le coinbhleachtaí a chosc, leis an gcuimsiú agus leis an ceartas sóisialta a chur chun cinn agus leis an tsíocháin a chothú. Chun an tsíocháin agus an chobhsaíocht a chur chun cinn, tá gá le comhpháirtíocht dhomhanda idir na geallsealbhóirí uile, agus tá ról fíorthábhachtach ag daoine óga agus ag eagraíochtaí don óige san obair sin freisin. Tá ról tábhachtach ag an obair don óige freisin maidir leis an tsíocháin a fhorbairt agus an dlúthpháirtíocht a chur chun cinn.

INA FHIANAISE SIN, IARRANN AN CHOMHAIRLE AR NA BALLSTÁIT, AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

27. Deiseanna breise a chur ar fáil chun go mbeidh daoine óga rannpháirteach ar bhealach fónta i gcothú agus i gcur chun cinn na síochána agus na slándála ar gach leibhéal, trí shásraí rannpháirtíochta nuair is féidir.

28. Rochtain níos éasca a chur ar fáil do dhaoine óga, d'eagraíochtaí óige agus do gheallsealbhóirí eile ar shonraí agus ar eolas ó na staidéir agus ó na haschuir ó thaighde a rinneadh le déanaí maidir le rannpháirtíocht daoine óga i saol daonlathach na hEorpa.

29. Rannpháirtíocht ghníomhach daoine óga sa tsochaí a chur chun cinn, lena n-áirítear daoine óga nach bhfuil mórán deiseanna acu, agus soghluaisteacht trasteorann agus teagmhálacha idir daoine a chur chun cinn, lena n-éascófaí malartú smaointe agus scaipeadh na nuálaíochta trí na cláir atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

INA FHIANAISE SIN, IARRANN AN CHOMHAIRLE AR AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

30. Leanúint den obair maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa chlár don óige, don tsíocháin agus don tslándáil, chomh maith leis an bpríomh-rannpháirtíocht idir-réigiúnach[5]**,** i gcomhar leis na Náisiúin Aontaithe agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear cóiriú forchéimnitheach comhpháirtíochta straitéisí idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir leis an óige agus cothú na síochána.

[5] Raon na hÓige den 5ú Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach agus Tionscnamh Ghlórtha na hÓige i Réigiún na Meánmhara

**D. An t-idirphlé idirchultúrtha a chothabháil agus a chothú idir daoine óga san Eoraip agus daoine óga níos faide i gcéin**

31. Is iomaí feidhm ag an idirphlé idirchultúrtha agus féadfar aitheantas a thabhairt dó mar rannchuidiú leis an tsíocháin agus leis an tslándáil san Aontas agus i dtíortha comharsanachta. Le rannpháirtíocht san idirphlé idirchultúrtha, tugtar deiseanna éagsúla do dhaoine óga ról ceannaireachta a ghlacadh, próiseas an athmhuintearais a thabhairt chun cinn agus an réamhchlaonadh, an mhíthuiscint agus an t-idirdhealú i measc grúpaí éagsúla a laghdú agus déantar an fhuathchaint agus an t-antoisceachas foréigneach a chomhrac trí chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine.

INA FHIANAISE SIN, IARRANN AN CHOMHAIRLE AR NA BALLSTÁIT, AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

32. Tacú le comhar idirnáisiúnta na hóige, leis an idirphlé agus le comhthuiscint i measc daoine óga, oibrithe don óige, ceannairí óige agus eagraíochtaí óige agus eagraíochtaí don óige[6] ón Aontas agus níos faide i gcéin mar uirlis thábhachtach chun tacú leis an tsaoránacht Eorpach agus le próisis an daonlathaithe.

[6] Eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta, ar daoine óga den chuid is mó iad siúd atá ar an gcomhlacht comhordaithe, is ciall le "Eagraíochtaí Óige". Eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta, a chuireann seirbhísí ar fáil do dhaoine óga ach nach daoine óga amháin iad siúd atá ar a gcomhlachtaí comhordaithe, is ciall le "Eagraíochtaí don Óige".

**E. An teacht aniar agus an smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt tríd an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta agus tríd an gcur chuige idir piaraí**

33. Ba cheart tacú leis an eolas agus an tuiscint atá ag daoine óga ar luachanna coiteanna an Aontais Eorpaigh[7] amhail meas ar an daonlathas, an comhionannas, cearta an duine, an dlúthpháirtíocht, an tsaoránacht agus an éagsúlacht chomh maith lena litearthacht meán agus faisnéise. Cuidíonn sé sin leis an smaointeoireacht chriticiúil agus le bheith feasach agus eolach ar an gcaoi a bhféadfadh faisnéis a bheith claonta agus a bhféadfadh grúpaí antoisceacha leas a bhaint aisti chun an bholscaireacht a scaipeadh.

34. Mar a comhaontaíodh agus mar a tugadh isteach faoi bhrat Chomhairle na hEorpa, *tá dlúthbhaint ag an oideachas don tsaoránacht dhaonlathach agus an t-oideachas faoi chearta an duine* le chéile agus seasann siad mar chrann taca ag a chéile[8]. Is éard atá sa mhodh neamhfhoirmiúil oideachais agus oiliúna seo uirlis lena ndírítear go príomha ar chearta agus freagrachtaí daonlathacha agus an rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn, a mhéid a bhaineann le réimsí sibhialta, polaitiúla, sóisialta, eacnamaíocha, dlíthiúla agus cultúrtha den tsochaí.

INA FHIANAISE SIN, IARRANN AN CHOMHAIRLE AR NA BALLSTÁIT, AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

35. A marana a dhéanamh ar an gcoincheap a bhaineann leis an 'oideachas don tsaoránacht dhaonlathach agus oideachas faoi chearta an duine'[10] a chur chun cinn agus a atreisiú, nuair is ábhartha agus i gcás inarb ábhartha, agus d'fhéadfaí an coincheap sin a chur chun feidhme i dtimpeallachtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla foghlama agus sa chur chuige idir piaraí, lena n-urramófaí coimhdeacht agus saoirse an oideachais.

36. Comhar le Comhairle na hEorpa faoin gcomhaontú comhpháirtíochta a fheabhsú tuilleadh.

---

[7] Féach Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach

[8] Cairt Chomhairle na hEorpa um Oideachas don tSaoránacht Dhaonlathach agus don Oideachas faoi Chearta an Duine (A glacadh faoi chuimsiú Mholadh CM/Rec(2010)7 ó Choiste na nAirí)

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Agus na conclúidí seo á nglacadh aici, MEABHRAÍTEAR don Chomhairle ach go háirithe an méid seo a leanas:

1. Straitéis Dhomhanda an Aontais maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála, lena ndírítear go háirithe ar an teacht aniar
2. An Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt / Conclúidí ón gComhairle maidir le Forbairt Inbhuanaithe (2016).
3. Cur Chuige Cuimsitheach an Aontais maidir le hInscne, Síocháin agus Slándáil.
4. Treoirlínte Athbhreithnithe maidir le Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an radacú agus leis an earcaíocht don sceimhlitheoireacht (9640/16 agus 14276/16).
5. Conclúidí ón gComhairle maidir le ról na hoibre don óige chun tacú le daoine óga scileanna riachtanacha saoil a fhorbairt, ionas gur fusa dóibh an t-aistriú chuig saol an duine fhásta, chuig an tsaoránacht ghníomhach agus chuig saol na hoibre (9624/17).
6. Conclúidí ón gComhairle maidir le ról earnáil na hóige i gcur chuige comhtháite trasearnála chun radacú foréigneach daoine óga a chosc agus a chomhrac (9640/16)
7. Plean Gníomhaíochta i ndáil le Cearta an Duine agus an Daonlathas 2015 – 2019 (2015)
8. Cruinniú neamhfhoirmiúil na gCeann Stáit nó Rialtais a bhí ann ar an 12 Feabhra 2015, inar lorg comhaltaí na Comhairle Eorpaí cur chuige cuimsitheach, lena n-áirítear tionscnaimh maidir le lánpháirtiú sóisialach, i measc rudaí eile, atá fíorthábhachtach chun radacú foréigneach a chosc.
9. An Dearbhú a ghlac Airí Oideachais an Aontais Eorpaigh ag a gcruinniú neamhfhoirmiúil i bPáras ar an 17 Márta 2015 ina gcuireann siad treoir ar fáil maidir le conas comhoibriú ar an leibhéal Eorpach. Leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le hiarrachtaí chun cosc a chur le himeallú, le héadulaingt, le ciníochas agus le radacú agus chun dul i ngleic leo agus le hiarrachtaí chun saoránacht na ndaoine óga a chur chun cinn agus creat comhdheiseanna do chách a chaomhnú.
10. Na Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí den 17 Meitheamh 2015, lena dtugtar tús áite do shaincheisteanna sonracha an dícheangail, an athshlánaithe agus an díradacaithe/an fhrith-radacaithe mar thosaíochtaí don ghníomhaíocht sna blianta amach romhainn (9416/15).

11. Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Óige 2016-2018 lena ndírítear ar chuimsiú sóisialta na ndaoine óga uile a mhéadú, agus aird á tabhairt ar na bunluachanna Eorpacha agus ar ról na hoibre don óige sa saol neamhdhigiteach agus digiteach araon.

12. Tuarascáil Chomhpháirteach an Aontais 2015 um an Óige ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an chreata athnuaite le haghaidh comhar Eorpach i réimse na hóige (2010-2018)" inar cuireadh i dtreis gur cheart do dhaoine óga a bheith in ann fás aníos i sochaithe atá cuimsitheach agus iolraíoch agus atá bunaithe ar luachanna daonlathacha na hEorpa. Léirítear le Tuarascáil chomhpháirteach an Aontais um an Óige freisin gur gá daoine ó gach cúlra a chumhachtú a thuilleadh, go háirithe iad siúd atá i mbaol an eisiaimh.

13. Comhar idir an Coimisiún Eorpach agus Comhairle na hEorpa laistigh den Chomhaontú Comhpháirtíochta.

14. An Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil, an 28 Aibreán 2015, ina measann an Coimisiún gur príomhthoisc é rannpháirtíocht na ndaoine óga d'fhonn radacú a chosc trí luachanna na hEorpa a chur chun cinn agus trí chuimsiú sóisialta a chothú agus ina luaitear freisin an Líonra um Fheasacht ar an Radacú (RAN), bratlíonra ar fud na hEorpa lena gcumasaítear malartú taithí agus cleachtais chun luathbhrath an radacaithe a éascú chomh maith le dearadh straitéisí don chosc agus don dícheangal ar an leibhéal áitiúil.

15. An Rún ó Pharlaimint na hEorpa den 25 Samhain 2015 maidir leis an radacú agus earcaíocht saoránaigh na hEorpa don sceimhlitheoireacht a chosc.

16. Rún 2250 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an óige, an tsíocháin agus an tslándáil.

17. 125ú seisiún de Choiste na nAirí - Plean Gníomhaíochta an Choiste Airí (An Bhruiséil, 19 Bealtaine 2015), CM (2015)74 final, maidir leis an gcomhrac i gcoinne an antoisceachais fhoréignigh agus an radacaithe a bhfuil an sceimhlitheoireacht mar thoradh air, agus Plean Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun Cosc a chur le hAntoisceachas Foréigneach.

18. '*Guiding principles for young people's participation in peacebuilding*'. ['Treoirphrionsabail maidir le rannpháiríocht daoine óga i gcothú na síochána'] ó Mheitheal Idirghníomhaireachta na Náisiún Aontaithe um an Óige agus um Chothú Síochána.